

Ag baint sult as leabhair le do leanbh

(0-18 mí)

Taitníonn leabhair le naíonáin agus teastaíonn siad uathu

Is speisialta an t-am a chaitheann tú ag léamh do do leanbh agus ag caint faoin méid atá tú a léamh. Oireann leabhair pictiúr do leanaí agus tá cuid mhaith acu ar fáil mar chlosleabhair ar féidir éisteach leo in éineacht le do leanbh. Rachaidh leabhair pictiúr agus closleabhair i do mháthairtheanga chun tairbhe do do leanbh. Cabhraíonn sé le do leanbh tosú ag labhairt, suim a chothú i leabhair agus sult a bhaint astu agus scéalta á léamh agat dó/di.

Leabhair a roghnú le haghaidh do linbh

Mothóidh do leanbh óg teolaí agus sábhálte má tá sibh neadaithe síos le chéile agus é/í ag éisteacht leat ag léamh. Roghnaigh leabhair a bhfuil dathanna geala iontu, mar shampla dearg agus buí agus a bhfuil dathanna ardchodarsnachta, mar shampla dubh agus bán. Is breá le leanaí breathnú ar leabhair a bhfuil fíorphictiúir d'aghaidheanna iontu, go háirithe aghaidheanna leanaí eile. Tá sé níos fusa ar leanaí óga (faoi 6 mhí) leabhair den chineál seo a fheiceáil agus tarraingeoidh siad a n-aird.

Agus leanaí in ann suí suas agus leabhair a láimhseáil iad féin, taitníonn leabhair 'ardaigh an flapa' leo. Taitneoidh iontas na bpictiúr leo agus beidh siad in ann a phiocadh cad é an leabhar is fearr leo. Bí cinnte labhairt le do leanbh faoi na pictiúir agus déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú mar tá leabhair áirithe nach bhfuil mórán focal iontu agus ina bhfuil an t-eolas ar fad sna pictiúir. Bí cinnte gur féidir le do leanbh páirt a ghlacadh trí do mhéar a dhíriú ar rudaí nó cabhair a thabhairt dó/di an leathanach a thiontú.

Téigh sa tóir ar leabhair a thugann an deis duit labhairt faoi bhur shaol teaghlaigh. Ná déan dearmad go n-áirítear leabhair a bhfuil ainmhithe agus carachtair shamhailteacha agus scéalta a dteaghlaigh. Déan guthanna éagsúla do na carachtair sa scéal. D'fhéadfaí go mbeidh oraibh é a léamh cúpla uair sula mbeidh do leanbh in ann an scéal a leanúint; is smaoineamh maith é an scéal céanna a léamh go rialta mar sin.

Ag spraoi le leabhair

Taitníonn sé le leanaí a bheith ag spraoi agus ag idirghníomhú le leabhair; bíodh leabhair agat a bhfuil sé éasca teacht orthu, greim a fháil orthu agus féachaint orthu, agus iad a chogaint, fiú. Bíonn leabhair atá déanta de chadás, de chartchláir láidir nó leabhair don fholcadán iontach do leanaí a láimhseáil leo féin.



Ag léamh ag am luí

Cé go bhféadfaidh tú léamh le do leanbh ag am ar bith i rith an lae, is iontach an léitheoireacht ag am luí chun socrú síos. Beidh níos lú suime ag do leanbh an leabhar a láimhseáil agus is dócha go mbeidh fonn orthu éisteacht leat agus tú ag léamh an scéil go séimh. Roghnaigh scéalta suaimhneacha, socra le haghaidh am luí agus scéalta níos iontaí, idirghníomhaí le haghaidh léitheoreachta le linn an lae. Thar aon ní eile, bain sult as a bheith ag léamh le chéile!

Leabhair a d'fhéadfaí a léamh le naónáin

Tá liosta de leabhair a d'fhéadfad a bheith oiriúnach do leanáí curtha le chéile ag an Dr Mary Roche (comhairleoir oideachais agus údar ar 'Developing Children's Critical Thinking through Picturebooks'). Tá roinnt mhaith leabhair eile ar fáil chomh maith. Féach i rannóg na leanáí sa leabharlann áitiúil le teacht ar leabhair chosúla. Féach ar an leabharliosta do naónáin - d'fhéadfad sé go dtaitneoidís le leanáí atá níos sine freisin.

All of Baby - Nose to Toes (2011) le Victoria Adler*

Monster Food (2020) le Daisy Hirst

Daddy (2021) le Leslie Patricelli

Goodnight Moon (2007) le Margaret Wise Brown*

Mummy (2021) le Leslie Patricelli

Heads, Shoulders, Knees and Toes (2002) le Annie Kubler*

Hug! 20th Anniversary Edition (2020) le Jez Alborough

Global Babies (2007) le The Global Fund for Children

Mo Chuid Amhráin Ghaeilge (2020) le Risteard Mac Liam agus Tatyana Feeney*

Sleep, My Bunny (2018) le Rosemary Wells*

Am Folctha, a Choinín Bheag! (2021) le Jorg Mühle

Full, Full, Full of Love (2020) le Trish Cooke

Babaí Cathal: Am Dul a Luí (2018) le Anne Paradis

Ducky's Bathtime (2020) le Lucy Cousins

My First Book of Ireland (2020) le The O'Brien Press

Maisy's First Flap Book (2001) le Lucy Cousins

Wiggle, Walk, Wash! Baby's First Animals (2021) le Elliot Kruszynski

Splish, Splash Ducky! (2020) le Lucy Cousins

Night, Night (2019) le Mojca Dolinar

Moo Moo: Can You Say It Too? (2014) le Sebastian Braun*

Round and Round the Garden: A First Book of Nursery Rhymes (2021) le Shirley Hughes

My First Book of Things to See (2013) le Little Tiger Press

Monsters Play... Peekaboo! (2021) le Flavia Z. Drago

Noisy Peekaboo series (2010) le DK Children

* Available as an audio book



Don't Worry, Little Crab (2021) le Chris Haughton*

Orange Pear Apple Bear (2006) le Emily Gravett*

Making Faces (2017) le Abrams Appleseed*

Peek-a-who (2000) le Nina Laden*

Down on the Farm (2018) le Dawn Alsept

Peepo (2011) le Janet and Allan Ahlberg*

Quiet, Loud (2003) le Leslie Patricelli*

Tickle Tickle (1999) le Helen Oxenbury*

Ten Little Fingers and Ten Little Toes (2010) le Mem Fox*

Where is Baby's Bellybutton? (2000) le Karen Katz

Where is the Green Sheep? (2009) le Mem Fox*

Where is Spot? (2003) le Eric Hill

The Wheels on the Bus (2001) le Annie Kubler*

Where's Mrs Car? (2021) le Ingela P Arrhenius

Where's Mrs Doctor? (2021) le Ingela P. Arrhenius

Love Makes a Family (2021) le Sophie Beer*

* Ar fáil mar cholsleabhar